

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ráiteas Straitéise 2011 - 2013

Réamhrá ón Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá áthas orm é seo, an tríú Ráiteas Straitéise de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí don tréimhse 2011 go dtí 2013 a chur faoi bhráid. Tuigim go maith go dtiteann tréimhse na straitéise seo le linn thréimhse an Phlean Téarnaimh Náisiúnta. Aithníonn an ráiteas nua straitéise na cúrsaí eacnamaíochta nua sa tír agus na dúshláin a thugann sin don tSeirbhís Phoiblí. Leagann an Ráiteas Straitéise amach ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí chun tacaíocht a thabhairt don tseirbhís phoiblí chun príomhspríocanna an Phlean Téarnaimh Náisiúnta a bhaint amach.

Léirigh an Ráiteas Straitéise deiridh ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí maidir le daoine den scoth a fháil chun déileáil leis na héilimh atá ag méadú d'acmhainní breise ó eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí. Bhí sé beartaithe againn na héilimh seo a shásamh trí oibriú i gcomhar le n-ár gcliainnt chun a riachtanais ar leith a thuiscint trí dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le modhanna roghnaithe agus measúnaithe tríd an úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíocht chun an líon is mó iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh agus chun an próiseas earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe a bhainistiú sa tslí is éifeachtaí. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach le linn thréimhse na straitéise i dtaca le gach aidhm.

I mí an Mhárta 2009 thug an Rialtas isteach moratóir ar earcaíocht agus ardú céime sa tSeirbhís Phoiblí. Bhí sé mar chuspóir ag an mhoratóir líon na n-oibríthe sa tSeirbhís Phoiblí a laghdú agus as sin párolla na Seirbhíse Poiblí a íslíú. Mar thoradh ar an mhoratóir, bhí cosc ar earcaíocht agus ar ardú céime ach amháin le cead an Aire Airgeadais. Bhí réimsí áirithe sa tSeirbhís Phoiblí áfach, go háirithe san Earnáil Sláinte nár bhain an moratóir leo. Tríd is tríd bhí tionchar suntasach ag an mhoratóir ar éileamh ón ár gcliainnt.

Mar fhreagra ar sin, rinne an fhoireann bhainistíochta, i gcomhar le n-ár mBord agus le páirtithe leasmhara seachtracha, scrúdú arís ar ár straitéis lena fháil amach conas a d'fhéadfaimis cur leis an tSeirbhís Phoiblí le linn do chúinsí a bheith ag athrú. Glacadh leis go raibh ról tábhachtach fós ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le forbairt agus athchóiriú sa tSeirbhís Phoiblí. Ghlac muid leis áfach go mbeadh orainn líon na mball foirne agus costas a laghdú go mór, réimse na seirbhísí do chliainnt a mhéadú, réimse na gcustaiméirí a mhéadú in eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile agus seirbhís níos solúbtha a chur ar fail do gach cliainnt. Shainnigh an Rialtas gurab iad an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an eagraíocht is fearr chun plé le gné idirghníomhaireachtaí na Scéime Ath-implonaithe Seirbhíse Poiblí.

Gné thábhachtach den chlár athchóirithe is ea an Scéim Ath-implonaithe Seirbhíse Poiblí a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go mbaintear úsáid as gach acmhainn seirbhíse poiblí agus go gcothabháiltear seirbhísí riachtanacha i gceart. Is léir le linn thréimhse na straitéise seo go ndéanfar gach iarracht a chinntiú go líonfar poist thábhachtacha sa tSeirbhís Phoiblí a cheadaíonn an tAire Airgeadais, trí ath-inlonnú seachas trí earcaíocht más féidir ar chor ar bith. Úsáidfimid na scileanna, na próisis agus na córais ar fad atá ar fáil in ár n-eagraíocht chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na gcliainnt maidir le próisis ath-implonaithe inmheánacha laistigh dá n-eagraíochtaí a bhainistiú. D'fhorbair muid agus chuir muid na córais i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do ghné idirghníomhaireachtaí na bpróiseas agus le linn thréimhse na straitéise, i gcomhar le heagraíochtaí na gcliainnt agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe, úsáidfidimid na córais seo chun na folúntais a cheadaítear a líonadh leis na daoine is fearr atá cáilithe don ról.

Cé go mbeidh laghdú suntasach san earcaíocht i gcomparáid le blianta beaga anuas, tuigimid go mbeidh roinnt earcaíochta ar siúl sa tseirbhís phoiblí le linn thréimhse na straitéise seo. Díreoidh muid ar seirbhísí ar gach eagraíocht seirbhíse poiblí lena chinntiú go mbainfear an úsáid is mó as scileanna agus córais ar n-eagraíochta do cibé gníomhaíocht earcaíochta a tharlaíonn. Leanfaimid i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag líonadh poist thosaigh laistigh den Fheidhmeannacht agus nuair a ghlactar leis, d'Ospidéal Dheonacha san Earnáil Sláinte i gcoitinne. Tá sé beartaithe againn an cur chuige seo maidir le comhpháirtíocht a fhorbairt agus é a shíneadh amach chuig eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí lena chinntiú go ndéantar cibé obair earcaíochta ar shlí chomh héifeachtach agus chomh héifeachtach ó thaobh costas de agus is féidir.

Tá teicneolaíocht nua i bhfeidhm againn rud a chuireann ar ár gcumas feachtais éagsúla earcaíochta a réachtáil d'eagraíochtaí na gcliant in ainneoin laghdú suntasach i líon na mball foirne. Le linn thréimhse na straitéise seo, bainfidimid feidhm as an infheistíocht sin agus forbróimid comhéadan na gcliant a thuilleadh go háirithe chun go mbeidh baint agus páirt níos mó ag eagraíochtaí na gcliant sna feachtais. Forbróimid a thuilleadh ár suíomh gréasáin ar líne www.publicjobs.ie chun fiúntas an tsuímh a leasú do chliant éagsúla sa tseirbhís phoiblí a ndéanaimid freastal orthu faoi láthair. Ag an am céanna, ba mhaith linn fiúntas an tsuímh a leasú d'iarrthóirí trí eolas cruinn a sholáthar in am, trí mheasúnú ar líne agus tríd an phróiseas iarratais a shimpliú.

Le linn 2009 agus 2010, bhí baint lárnach don chéad uair ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le daoine a roghnú ar Bhoird Fhorais Stáit. Sa tionscadal nua seo, thug muid tacaíocht do Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le feachtas oscailte chun daoine a roghnú chuig Boird Údarás RTE, Bord Craolacháin na hÉireann, TG4 agus lascaigh Intíre na hÉireann. Chruthaigh muid tríd ár n-obair sna feachtais seo ár gcumas sa ról dúshlánach seo a chomhlíonadh. Bheimis ag súil i gcomhar le n-ár bpáirtithe leasmhara go bhféadfaimis ár bpáirt san obair thábhachtach seo a fhorbairt agus a mhéadú chun follasacht iomlán rialachas corparáideach na gComhlachtaí Stáit a mhéadú.

Mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta faoi láthair tá ar gach eagraíocht a fhaigheann cistiú poiblí 'níos mó a bhaint amach le laghdú in acmhainní' agus seirbhísí luach ar airgead a sholáthar chomh maith. Déileálann ár Ráiteas Straitéise nua le héifeachtacht ó thaobh costas de tríd ár n-eagraíocht inmheánach a athchóiriú go mór. Beidh muid chun tosaigh maidir le heagraíocht chumhachtach a fhorbairt a bheidh ar aon dul nó níos fearr ná aon eagraíocht san earnáil phoiblí in Éirinn. Tuigim go maith sár-obair agus díograis ár mbaill foirne. Chun na spriocanna atá leagtha amach sa ráiteas straitéise nua a bhaint amach, beidh mé ag iarraidh arís ar ár mbaill foirne ag gach leibhéal san eagraíocht a ndíograis maidir le seirbhísí ar ardchaighdeán d'iarrthóirí, do chliant agus do bhaill na mbord a chothabháil. Maidir liom féin tá sé beartaithe agam leanúint d'ár dtiomantas do nós imeachta iomlánach maidir le hoiliúint agus forbairt d'ár mbaill foirne. Tá sé beartaithe agam freisin tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíocht atá mar chuid lárnach den eagraíocht agus a chuir ar ár gcumas ár mbealach a réiteach ag an am deacair seo.

Ráiteas Straitéise 2011 - 2013

Lorgáim-se agus an fhoireann bhainistíochta tacaíocht agus treoir ón ár gCathaoirleach, an tUasal Eddie Sullivan agus ó bhaill an Bhoird. Tá mé an-bhuíoch as an tacaíocht agus as an treoir a thug siad le trí bliana anuas. Tá mé ag súil go mór a bheith ag obair leis an mBord nua chun na spriocanna in ár Ráiteas Straitéise a bhaint amach.

Bryan Andrews

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm ar son Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2011 go dtí 2013 a chur i láthair.

Tuigimid gur tharla athruithe móra i dtaca le hearcaíocht sa tseirbhís phoiblí ó rinneadh an ráiteas straitéise deiridh in 2008. Léirigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí inoiriúnaitheacht agus solúbthacht agus muid ag plé le heagraíochtaí na gcliant chun freastal ar a riachtanais le linn na tréimhse athruithe seo. Ag an am céanna laghdaigh an eagraíocht leibhéal na n-acmhainní agus costas go mór.

In ainneoin laghdú ar éileamh ar na gnáth-sheirbhísí ó chliant, d'éirigh leis an eagraíocht, eagraíochtaí cliant nua ón tseirbhís phoiblí a mhealladh chun úsáid a bhaint as a gcórais, a scileanna agus a saineolas i dtaca le hearcaíocht sa tseirbhís phoiblí. De ghnáth dhéanfaidh na heagraíochtaí seo an earcaíocht iad féin, rud nach mbeadh áisiúil don eagraíocht nó thabharfaidh siad an obair d'eagraíocht earcaíochta sheachtrach a bheadh costasach go leor. Cuireann na seirbhísí a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil d'eagraíochtaí cliant nua réiteach an-ghairmiúil, ina bhfuil luach ar airgead ar fáil. Tríd is tríd chinntigh an cur chuige seo go bhfuil an úsáid is fearr a bhaint as cumas agus acmhainní na heagraíochtaí don tseirbhís phoiblí. Is léir go mbeidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith solúbtha le linn thréimhse ráiteas na straitéise seo más mian leis a bheith ar fáil do pháirtithe leasmhara tábhachtacha agus d'eagraíochtaí cliant sa tseirbhís phoiblí.

Beidh baint ar leith ag ath-implonú sna trí bliana amach romhainn i dtaca le beartas acmhainní daonna sa tseirbhís phoiblí. Táthar ag súil go réiteoidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí cuid mhaith dá riachtanais do phearsanra trí ath-implonú inmheánach. Eagraíodh ath-implonú idir eagraíochtaí agus idir eanálacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí tríd an Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014. Bhí an-áthas orm gur roghnaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar gheall ar a gcórais, a scileanna agus a saineolas chun tabhairt faoin fhreagracht thábhachtach seo sa scéim fhorleathan ath-implonaithe. Tá a fhios agam go dtabharfaidh an eagraíocht faoin dúshlán tábhachtach seo.

Bhí an Bord an-sásta go raibh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ábalta tacaíocht a thabhairt do Chomhchoiste an Oireachtais chun daoine a shainaithint do cheapachán ar Bhoird Fhorais Stáit. Oireann an ról seo go maith do mhisean agus do chuspóir iomlán na heagraíochta. Bheimis an-sásta an ról seo a fhorbairt níos mó sna trí bliana amach romhainn.

Tá éileamh i gcónaí sa tseirbhís phoiblí d'acmhainní ar ardchaighdeán agus atá spreagtha agus leanfaidh an t-éileamh sin amach anseo. Soláthrófar an t-éileamh seo trí ath-implonú nó trí earcaíocht ag brath ar chúinsí an phoist agus de chuid na heagraíochta. Tá na córais, na scileanna, na próisis agus an taithí chuí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na gcliant cé bith rogha a dhéantar. Tá sé tábhachtach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go leantar ar aghaidh le forbairt maidir leis na príomhscileanna agus próisis chun luach ar airgead a sholáthar don líon is mó eagraíochtaí seirbhíse poiblí. Cinnteoidh an cur chuige comhpháirtíochta atá in úsáid le trí bliana le heagraíochtaí tábhachtacha seirbhíse poiblí go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní eagraíochtaí na gcliant agus de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ball den Bhord as a dtacaíocht agus a ndíograis don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le trí bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil fosta le baill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, leis an Phríomhfheidhmeannach agus a fhoireann bhainistíochta as a ndíograis agus a ndúthracht. Bhí cúrsaí deacair le tamall anois agus léirigh an eagraíocht solúbthacht agus iad ag plé riachtanais na gcliant le linn an ama dheacair seo. Tá muinín agam féin agus ag mo chomhghleacaithe ar an mbord gurab í an Ráiteas Straitéise seo an straitéis cheart don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag an staid eacnamaíoch seo agus leis na dúshlán ar fad atá os comhair na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Cruthóidh cur i bhfeidhm na straitéise seo a lán dúshlán don eagraíocht ach tá muid muiníneach go sáróidh an eagraíocht na dúshlán seo agus go leanfaidh siad ag cur le forbairt seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán.

An tUasal Eddie Sullivan

Cathaoirleach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 ar an 19 Deireadh Fómhair 2004.

Cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tUasal Brendan Howlin, T.D., tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tAire Sláinte, agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, naonúr ar an mBord le freastal ar feadh trí bliana ón 1 Meán Fómhair 2011.

Seo thíos Baill Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí:

An tUasal Eddie Sullivan
Cathaoirleach, iar Ard-Rúnaí, Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais

An tUasal Bryan Andrews (*ghlac Iníon Fiona Tierney a áit ó shin*)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

An tUasal Des Dowling
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Iníon Patricia Coleman,
Stiúrthóir – An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

An tUasal Eddie Molloy
Sainchomhairleoir Bainistíochta

An tUasal Dan Murphy,
Iar-Ard-Rúnaí, Ceardchumann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí

Iníon Judith Eve,
Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann

Iníon Deirdre O'Keeffe,
Rúnaí Cúnta – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

An tUasal Seán McGrath
Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (d'éirigh as ó shin)

Foireann Bhainistíochta

An tUasal Bryan Andrews (*ghlac Iníon Fiona Tierney a áit ó shin*)
Príomhfheidhmeannach

An tUasal Tommy Quinn
Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha

Iníon Mary Flynn
Ceannasaí na Seirbhísí Earcaíochta

Iníon Áine Gray
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe

An tUasal Pádraig Love
Seirbhísí Corparáideacha, Cumas Straitéiseach & Forbairt Eagraíochta

An tUasal Niall Leavy
Príomh-Shíceolaí

Ár Misean:

Nuair a bhí muid ag forbairt an ráitis straitéise nua chuaigh muid i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha, le heagraíochtaí na gcliant agus le baill foirne ar fud na heagraíochta. Chuir muid na nithe seo san áireamh agus cinntí á ndéanamh againn:-

- Riachtanais an Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go dtí 2014;
- Spriocanna an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010 go dtí 2014;
- na riachtanais a bhfuiltear ag súil leo ó eagraíochta na gcliant;
- an t-eolas gur féidir le n-ár seirbhísí luach ar airgead a sholáthar do chliant sa tseirbhís phoiblí;
- an t-eolas gur úsáideadh agus gur triaileadh ár gcórais agus ár bpróisis go maith;
- scileanna / taithí bhaill foirne na heagraíochta agus a dtiomantas láidir d'éiteas na seirbhíse poiblí san eagraíocht;
- an t-eolas gur féidir leis na córais, scileanna agus an taithí seo, tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí a chuireann Scéim Ath-implonaithe na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm.
- an laghdú i líon na mball foirne mar gheall ar an Chreat Rialála Fostaíochta; agus
- an laghdú i gcistiú a bhfuiltear ag súil leis le linn thréimhse na straitéise.

Shainmhínigh muid ár misean mar seo a leanas:-

Lorgóidh muid iarrthóirí ar ardchaighdeán do phoist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí agus cuirfidh muid ar chumas sheirbhísigh phoiblí aistriú i rannóga agus idir rannóga de réir riachtanais na gcliant lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí éigeantacha uile ar fáil ar shlí níos éifeachtaí agus níos cuí.

Sainithníodh na trí sprioc ardleibhéil seo chun go mbeimid in ann ár misean a chomhlíonadh:-

Sprioc 1 – Ath-implonú
Sprioc 2 – Ár nInniúlacht maidir le Roghnú a Fhorbairt
Sprioc 3 – Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí

Fiúntas

Cothroime agus Neamhchlaontacht

Luach ar Airgead

Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí

Gairmiúlacht

Nuálaíocht

Comhpháirtíocht agus Comhairliúchán

Cothroime agus Neamhchlaontacht

Tá muid tiomanta ar réitigh ath-implonaithe agus earcaíochta a sholáthar a aithníonn go gcaithfidh gach duine atá i dteideal, iarratas a dhéanamh go cothrom ar phoist sa tseirbhís phoiblí. Cinnteoidh muid go bhfuil ár bpróisis cothrom agus nach bhfuil aon chlaontacht nó leithcheal i gceist.

Luach ar Airgead

Cinnteoidh muid go bhfuil ár bpróisis éifeachtúil agus éifeachtach agus go soláthraímid seirbhís ina bhfuil luach ar airgead dár gcliaint.

Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí

Pléifimid le n-ár gcustaiméirí ar fad le dínit agus le hurraim agus soláthraímid seirbhís ar ardchaighdeán ar chaighdeán seirbhíse a chomhaontaítear.

Gairmiúlacht

Tá ár gcliaint, ár n-iarrthóirí agus ár gcomhghleacaithe ag súil le agus i dteideal seirbhís ghairmiúil a fháil. Leanfaimid ag soláthar seirbhís ghairmiúil agus lorgóimid gach deis chun caighdeán na seirbhíse a sholáthraímid a fheabhsú.

Nuálaíocht

Scrúdóimid ár gcur chuige go rialta maidir le seirbhís a sholáthar agus lorgóimid slite maithe nua chun seirbhísí a sholáthar d'ár gcliaint inmheánacha agus sheachtracha.

Comhpháirtíocht agus Comhairliúchán

Ní raibh sé chomh soiléir riamh ná a bhí le trí bliana chomh tábhachtach atá sé oibriú i gcomhar le n-ár gcliaint agus ár mbaill foirne. Úsáidfimid gach deis chun comhpháirtíocht a úsáid le linn thréimhse na straitéise seo.

Spríoc 1:

Ath-implonú

Comhthéacs

Is é beartas an Rialtais laghdú suntasach a bhaint amach i líon na n-oibríthe sa tseirbhís phoiblí agus ag an am céanna an leibhéal seirbhíse a sholáthraíonn eagraíochtaí seirbhíse poiblí a leasú nó a chothabháil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014, aistreofar acmhainní chuig an réimse ina bhfuil an gá is mó sa tseirbhís phoiblí. Tuigtear go ndíreofar ar dtús ar ath-implonú go himheánach laistigh d’eagraíochtaí ar leith .i. ath-implonú acmhainní ó rannóg amháin d’eagraíocht chuig rannóg eile den eagraíocht. Tuigtear fosta go sainaitheofar acmhainní d’ath-implonú chuig eagraíochtaí eile taobh istigh den earnáil nó idir earnálacha seirbhíse poiblí mar seo:

- cláir a athbhreithniú agus a dhúnadh;
- Forais Stáit a dhúnadh; agus
- Na Creatlaí Rialála Fostaíochta a chur i bhfeidhm

Mar gheall ar na scileanna, an taithí agus ár gcórais roghnaithe, tástála agus socrúcháin, roghnaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun go mbeadh baint lárnach againn le gnéithe idir-eagraíochta agus idir-rannach an phróisis ath-implonaithe.

Spríocanna

- 1 Ár scileanna, ár dtaithí, ár gcórais agus ár n-acmhainní reatha a úsáid chun tacaíocht iomlán a thabhairt do Scéim Ath-implonaithe na Seirbhíse Poiblí.
- 2 Ár saineolas a úsáid chun comhairle, treoir agus tacaíocht shoiléir a thabhairt d’eagraíochtaí na gcliant maidir le ceistanna éagsúla acmhainní daonna chun iontaobhas agus muinín sa scéim a spreagadh.
- 3 A chinntiú go ndéantar próisis idir-ghníomhaireachtaí go hoscailte agus go trédhearcach.
- 4 Iarracht a dhéanamh scileanna agus taithí na n-acmhainní atá ar fáil d’ath-implonú a chomhoiriúnú le riachtanais scileanna na bpost a cheadáítear.

Straitéisí

Úsáidfidimid na straitéisí thíos chun na spríocanna seo a bhaint amach:-

- **Bunachar Sonraí Phainéal na nAcmhainní**

Bainfear an úsáid is mó as an TEC reatha atá againn agus leanfaimid ag forbairt ¹Bunachar Sonraí Phainéal na nAcmhainní chun sonraí na ndaoine a shainaithin a n-eagraíocht iad as bheith ar fáil d'ath-implonú a thairfead. Forbrófar painéil do gach earnáil sa tseirbhís phoiblí. Beidh gach eagraíocht sa tseirbhís phoiblí freagrach as na sonraí a uaslódáil maidir lena n-acmhainní féin agus as iad a bheith reatha.

- **Uirlis Ath-implonnaithe**

Díreofar ar dtús ar ath-implonú inmheánach san eagraíocht ar leith. Mar chuid den phróiseas ath-implonnaithe, is féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí trí uirlis phraiticiúil a sholáthar chun gur féidir le bainisteoirí an próiseas athraithe a bhainistiú agus díriú ar an úsáid is mó d'acmhainní agus de phróisis chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach ag an am deacair seo.

Beidh an Uirlis Ath-implonnaithe ina threoir ag bainisteoirí faoi conas a oibreoidh ath-implonú go praiticiúil m.sh. an líon daoine d'ath-implonú a shocrú, athbhreithniú ar ról, measúnú agus obair a ath-eagrú tar éis na n-athruithe. Forbrófar uirlisí agus modhanna chun gur féidir le bainisteoirí anailís a dhéanamh ar acmhainní agus ar riachtanais go seasta agus go trédhearcach. Beidh céimeanna praiticiúla ann freisin chun go mbeidh baill foirne gnóthach le linn an phróisis idirlinne.

Cuirfear seimineáir agus oiliúint ar fáil chun gur féidir an uirlis a úsáid.

- **Measúnú Ath-implonnaithe**

Chun poist atá ceadaithe d'ath-implonú a líonadh, cuardóidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an bunachar sonraí chun daoine atá oiriúnach don phost a shainaithint tríd na critéir atá leagtha amach sna comhaontuithe rannóige. Más cuí, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí measúnú atá dírithe ar chinntiú go bhfuil na scileanna cuí, na hinniúlachtaí agus/nó na cáilíochtaí chun an ról a chomhlíonadh ag daoine ar leith.

- **Comhairliú Ath-implonnaithe**

Chomh maith leis an obair ar an Bhunachar Acmhainní agus an Uirlis Ath-implonnaithe, is féidir linn tacaíocht dhíreach a thabhairt do chliaint maidir lena gcúinsí agus a gcuid riachtanas ar leith féin a tharlaíonn de bharr athruithe eagraíochta. I gcásanna áirithe is féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí idirghabháil oiliúna dhírithe a sholáthar do dhaoine aonair, do ghrúpaí in eagraíochtaí atá ag athrú.

¹ Forbraíodh bunachar sonraí Phainéal na nAcmhainní agus clár uaslódála sonraí don Státseirbhís agus d'Earnáil na gComhlachtaí Stát-tionscanta Neamhthráchtála. Tá obair ar siúl ar chlár bhunachar agus uaslódála sonraí d'earnáil na nÚdarás Áitiúla agus Sláinte.

Táscairí Feidhmíochta

	Táscaire Feidhmíochta	Amlíne
1	Bunachar Sonraí um Phainéal Acmhainní a chomhlíonadh do gach rannóg sa tseirbhís phoiblí	Ceathrú 1, 2011
2	Cuidiú a thabhairt do Rannóga Státseirbhíse, d’eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus d’Fhorais Neamh-thráchtála Stáit sa phróiseas de shonraí a uaslódáil maidir le hacmhainní atá ar fáil d’ath-implonnú.	Ar siúl
3	Do phoist atá ceadaithe, cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cuardach de bhunachar sonraí an Phainéil Acmhainní ar fáil chun daoine atá fóirsteanach a shainaithint.	Ar siúl
4	An Uirlis Ath-implonnaithe a fhoilsiú.	Ceathrú 2, 2011
5	Margaíocht a dhéanamh faoin Uirlis Ath-implonnaithe agus faoi n-ár saineolas sa réimse seo.	Ceathrú 2 agus 3 2011
6	Seimineáir agus oiliúint a sholáthar maidir leis an Uirlis Ath-implonnaithe.	Ar siúl de réir mar is gá
7	Measúnú a dhéanamh ar scileanna agus ar oiriúnacht duine ar leith do phoist ar leith, más cuí.	Ar siúl de réir mar is gá
8	Seirbhísí agus tacaíocht maidir le Comhairleacht Ath-implonnaithe a sholáthar más gá.	Ar siúl

Sprioc 2:

Ár nInniúlacht maidir le Roghnú a Fhorbairt

Comhthéacs:

Tá traidisiún bródúil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hearcaíocht agus roghnú neamhspleách atá bunaithe ar fhiúntas. Soláthraímid seirbhís ghairmiúil do chliaint éagsúla sa tseirbhís poiblí. Tá ár gcórais agus ár bpróisis láidir agus baineadh triail agus tástáil mhaith astu. Comhlíonann siad spiorad agus ciall iomlán Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Aithnítear an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar shaineolaí maidir le líon mór earcaíochta a dhéanamh don tseirbhís poiblí. Ó cuireadh Moratóir Earcaíochta agus Ardú Céime an Rialtais i bhfeidhm, ní líontar ach poist líne thosaigh. Ní mór cead ar leith an Aire um Chaiteachas agus Athchóiriú Poiblí a fháil chun na poist seo a líonadh. Tá cosc fós ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí earcaíocht a dhéanamh do phoist líne thosaigh eile nach dtagann faoin mhoratóir go háirithe san Earnáil Sláinte.

Le dhá mhí dhéag agus ocht mí dhéag spreag muid agus mheall muid roinnt mhaith eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí comhroinnte. Tá na seirbhísí a sholáthair muid do na heagraíochtaí seo ar ardchaighdeán agus sábhálann na heagraíochtaí seo agus an státchiste roinnt mhaith i gcostais. Le linn thréimhse na straitéise seo, leanfaimid ag spreagadh eagraíochtaí san earnáil poiblí chun an saineolas i seirbhísí comhroinnte atá ar fáil sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a úsáid.

Leanfaimid ag forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí na gcliainnt mar a rinne muid le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Chuir sin ar ár gcumas déileáil le riachtanais earcaíochta líne thosaigh chun gur féidir leis an dá eagraíocht leas a bhaint as.

Aithnímid an leas a bhaineann le seirbhís ar leith a sholáthar d'ár gcliainnt chun freastal ar a riachtanais ar leith. Athraímid agus forbraímid ár gcórais agus ár bpróisis chun cabhair a thabhairt maidir le réitigh solúbtha agus freagrúla a sholáthar do chliainnt, cé acu an seirbhís iomlán earcaíochta agus roghnaithe a thairiscint nó anailís nó socrúchán poist, nó gné ar leith den phróiseas roghnaithe m.sh. a bhfolúntais a fhógairt ar www.publicjobs.ie.

Sa tionscnamh nua seo, thug muid tacaíocht do Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le feachtas oscailte chun daoine a shainaithe le moladh chun freastal ar Bhoird Údarás RTE, Bord Craolacháin na hÉireann, TG4 agus lascaigh Intíre na hÉireann.

Spriocanna:

- An tSeirbhís um Cheapacháin a chur chun cinn mar ionad saineolais agus comhairle maidir leis na hiarrthóirí is fearr cáilithe a mheas agus a roghnú do cheapachán sa tseirbhís phoiblí.
- Riachtanais na gcliant ar leith a shainaithint agus ár seirbhísí a dhearadh go háirithe chun a riachtanais a shásamh.
- Cliant nua sa tseirbhís phoiblí a mhealladh d'ár seirbhísí earcaíochta, roghnaithe agus socrúcháin mar chuid den chlár *seirbhísí comhroinnte*.
- Tacaíocht a thabhairt chun an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach a fhorbairt.
- Tacaíocht a thabhairt do cheapacháin shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí.
- Ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhorbairt maidir le daoine a cheapadh ar Bhoird Fhorais Stáit.
- Leanúint ag forbairt agus ag leasú ár modhanna roghnaithe.
- Leanúint ag forbairt ár bhfeidhmeanna TEC chun leas ár gcustaiméirí.
- Comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt go leanúnach d'eagraíochtaí na gcliant.

Straitéisí:

Chun ár spriocanna a bhaint amach bainfidh PAS feidhm as na straitéisí seo a leanas:-

Freastal ar Riachtanais agus ar Ionchais na gCliant

- Oibreoimid go gníomhach le n-ár gcliant chun a riachtanais a thuiscint agus chun ár seirbhísí a mhúnlú chun a riachtanais a shásamh.
- Oibreoimid le cliant chun easpa scileanna a shainaithint agus chun an slí is fearr chun riachtanais na gcliant a shásamh a fháil amach.
- Bainfidh an úsáid is fearr más féidir, as acmhainní inmheánacha na gcliant lena chinntiú go bhfuil an cliant páirteach agus tiomanta ar an phróiseas agus ar an toradh.
- Maidir leis an chlár seirbhísí earcaíochta comhroinnte a fhorbairt, déanfaimid margaíocht go forleathan ar ár seirbhísí sa tseirbhís phoiblí chun cliant nua sa tseirbhís phoiblí a mhealladh.
- Tairgfidh réimse solúbtha seirbhísí do chliant nua agus reatha, idir fhógraíocht amháin agus bainistíocht iomlán ar fheachtais san áireamh.
- Forbróimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha go himmheánach sa tseirbhís phoiblí lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní an oiread agus is féidir agus go bhfaightear luach ar airgead i ngach feachtas.
- Oibreoimid le Roinn an Taoisigh chun daoine a chur ar an eolas faoi n-ár scileanna, saineolas agus cumas lena chinntiú go mbaintear an úsáid is mó astu maidir le Seirbhís Phoiblí Shinsearach a fhorbairt.

- Oibreoimid i gcomhar leis an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil chun eolas a chur ar fáil faoi n-ár gcumas maidir le seirbhís ghairmiúil earcaíochta a sholáthar san earnáil phoiblí agus phríobháideach chun na daoine is fearr atá cáilithe a mhealladh chuig ceapacháin shinsearacha sa tseirbhís phoiblí.
- Oibreoimid leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun an ról a d'fhéadfadh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith acu maidir le daoine a cheapadh ar Bhoird Fhorais Stáit a fhorbairt.
- Ó am go ham déanfaimid athbhreithniú agus leasóimid ár gcórais measúnaithe lena chinntiú go léiríonn siad go cruinn riachtanais agus dúshláin an phoist (na bpost). Déanfaimid comparáid ar bhun leanúnach idir na modhanna seo agus comhlachtaí earcaíochta móra seirbhíse phoiblí ar fud an domhain.
- Ár n-uirlisí agus ár modhanna a chur in oiriúint más gá chun déileáil le riachtanais an phróisis ath-implonaithe.
- Leasóimid an réimse d'ábhar measúnaithe ar leith atá ar fáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun go leanfar le héifeachtúlacht costais agus solúbthacht maidir le réitigh i dtaca le measúnú agus socrúchán agus a chinntiú go bhfuil iarrthóirí páirteach le linn an phróisis.
- Méadóimid ár n-úsáid d'ionaid measúnaithe ina mbaintear úsáid as uirlisí agus modhanna roghnaithe éagsúla de réir mar fhaighimid cuntas de scileanna agus de cháilíochtaí gach iarrthóra le cur in oiriúint don duine is fóirsteanáí don phoist.
- Forbróimid ár gcumas maidir le feidhmeannaigh a lorg agus forbróimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha seachtracha lena chinntiú go meallfaimid an líon is mó d'iarrthóirí ar ardchaighdeán ón earnáil phoiblí agus phríobháideach.
- Leasóimid ár gcórais agus ár bpróisis agus leanfaimid ar aghaidh leis an straitéis ríomhthástála lena chinntiú go sásóimid riachtanais na gcliant trí theicneolaíocht a úsáid chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht costais do mheasúnú a fheabhsú.

Freastal ar Riachtanais agus ar Ionchais na nIarrthóirí

- Déanfaimid margaíocht orainn féin don líon is mó iarrthóirí agus is féidir san earnáil phoiblí agus phríobháideach.
- Leanfaimid ag forbairt an suíomh gréasáin **publicjobs** chun go mbeidh sé ar an suíomh gréasáin earcaíochta is mó le rá san Earnáil Phoiblí in Éirinn.
- Cuirfimid an líon is mó d'uirlisí measúnaithe ar líne ar fáil agus cuirfimid an coincheap 'féin-roghnú' chun cinn sula ndéantar iarratas.
- Déanfaimid iarracht ár gcórais agus ár bpróisis a bheith éasca d'iarrthóirí.
- Leanfaimid ag soláthar comhairle agus tacaíochta d'iarrthóirí atá ag smaoineamh ar phoist sa tseirbhís phoiblí.

- Scrúdóimid go leanúnach an réimse tacaíochta atá ar fáil d'iarthóirí agus déanfar nuashonrú más gá.

Táscairí Feidhmíochta

	Táscaire Feidhmíochta	Amlíne
1	A chinntiú go bhfuil tuiscint ag gach cliant reatha agus cliaint amach anseo ar scileanna, saineolas agus cumas na heagraíochta mar sheirbhís earcaíochta chomhroinnte.	Ar siúl
2	Comhpháirtíochtaí tábhachtacha straitéiseacha inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt chun seirbhís luach ar airgead a sholáthar do chliant.	Ar siúl
3	Dul i gcomhar le Roinn an Taoisigh lena fháil amach conas is féidir ár gcumas a úsáid chun Seirbhís Phoiblí Shinsearach a fhorbairt.	Ceathrú 1, 2011
4	Dul i gcomhar leis an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil chun iad a chur ar an eolas faoi conas is féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tacaíocht a thabhairt dóibh.	Taobh istigh de mhí amháin ón am a gceapann an Rialtas é.
5	Cumas feidhmeannaigh a chuardach a fhorbairt agus a oibriú go héifeachtach.	Ceathrú 2, 2011
6	Tairseach na gCliant d'ár bPríomhchóras Earcaíochta a leasú chun cabhrú le heagraíochtaí na gcliant a bhfeachtais féin a bhainistiú.	Ceathrú 2, 2011
7	An suíomh gréasáin www.publicjobs.ie a leasú trí eolas ar leith a sholáthar faoi dheiseanna ar phoist trí rannóga agus trí chuidiú a thabhairt maidir le cliant a bhrandáil.	Ceathrú 4, 2011
8	Uirlisí féin-mheasúnaithe a fhorbairt go leanúnach chun gur féidir le hiarrthóirí a scileanna agus a gcaighdeán féin a mheas.	Ar siúl
9	An réimse uirlisí measúnaithe (ar líne san áireamh) atá ar fáil do PAS a leasú.	Ar siúl
10	Athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar ár gcórais measúnaithe lena chinntiú go léiríonn siad riachtanais agus dúshláin an phoist (na bpost).	Ar siúl

Sprioc 3:

“Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí”

Comhthéacs:

Aithnímid go mbeidh baint mhór ag an tSeirbhís Phoiblí le téarnamh náisiúnta ina iomláine. Beidh sé riachtanach daoine fóirsteanacha a bheith ag obair ag gach leibhéal chun go n-éireoidh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí spriocanna an phlean téarnaimh a bhaint amach. Dá bhrí sin is dócha go mbeidh teorainn le hearcaíocht agus ardú céime in eagraíochtaí seirbhíse poiblí le linn thréimhse na straitéise seo. Ní mór a thuiscint go bhfuil teorainn le cumas acmhainní na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Tá leibhéal ár n-acmhainní ag laghdú agus dá bhrí sin ní féidir linn seirbhís chomhroinnte earcaíochta, roghnaithe agus shocrúcháin a sholáthar don earnáil poiblí ar fad. Mar sin féin tá sé de dhualgas ar PAS tacaíocht ghairmiúil a sholáthar d’eagraíochtaí atá ag reáchtáil feachtais earcaíochta, roghnaithe agus dul chun cinn iad féin. Aithnímid fosta gur féidir na scileanna agus an saineolas a úsáidtear chun daoine a roghnú agus a shocrú a úsáid sa phróiseas ath-implonaithe.

Tá sé mar aidhm againn scileanna agus saineolas measúnaithe agus roghnaithe a chur i bhfeidhm san earnáil poiblí chun caighdeán agus oiriúnacht na ndaoine a ath-implonáitear go himmheánach nó a earcaítear a fheabhsú. Forbróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimse comhtháite acmhainní oiliúna gur féidir a úsáid chun an aidhm seo a bhaint amach.

Spriocanna:

- Soláthróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimse comhtháite de sheirbhísí oiliúna, d’ábhair agus d’acmhainní do chliant sa tseirbhís poiblí i dtaca le hearcaíocht, roghnú agus socrúchán.
- Tairgfimid seirbhís chomhairliúcháin d’ár gcomhpháirtithe san earnáil poiblí chomh maith le treoir maidir le dea-chleachtas earcaíochta.
- Cinnteoidimid go mbainfidh eagraíochtaí eile in earnáil na seirbhíse poiblí an úsáid is mó as na háiseanna atá ar fáil in Áras na Caibidle.

Straitéisí:

Chun gur féidir linn ár spriocanna a bhaint amach bainfidimid feidhm as na straitéisí seo a leanas:-

- Déanfaimid margaíocht ghníomhach ar na seirbhísí a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil d’eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí.
- Tabharfaimid comhairle faoi dhea-chleachtas i dtaca le próisis earcaíochta d’eagraíochtaí na gcliant sa tseirbhís poiblí.

- Nuair a thugaimid comhairle faoi earcaíocht sa tseirbhís poiblí, cuirfimid daoine ar an eolas faoi dhualgais dlí agus eile an fhostóra m.sh. dualgais maidir le comhionannas agus dualgais faoi Chóid Chleachtais an CCSP.
- Déanfaimid athbhreithniú ar gach clár oiliúna reatha agus cinnteoidimid go léiríonn siad dea-chleachtas i dtaca le hearcaíocht, roghnú agus socrúchán.
- Scrúdóimid arís na roghanna is éifeachtaí ó thaobh costas de chun na cláir seo a sholáthar.
- Déanfaimid margaíocht ghníomhach ar na cláir seo a bheith ar fáil chuig eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí.
- Forbróimid acmhainní chun cabhrú le heagraíochtaí na gcliant maidir lena riachtanais a shásamh i dtaca le daoine a mheas, a shocrú i bpoist agus a shannadh.
- Soláthróimid nó gheobhaidh muid oiliúint do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith mar bhaill de bhoird más gá.
- Soláthróimid nó gheobhaidh muid oiliúint d'anailís poist do phearsanra na gcliant más gá, chun cabhrú le roghnú agus le hath-implonú éifeachtach na mball foirne.
- Méadóimid ár gcumas measúnaithe trí acmhainní reatha a oiliúint maidir le huirlisí measúnaithe cuí a shainnithint agus a úsáid. Soláthróimid nó gheobhaidh muid an oiliúint seo do phearsanra na gcliant más cuí.
- Déanfaimid margaíocht ar na háiseanna atá ar fáil in Áras na Caibidle .i. Seomraí agallaimh, áiseanna físeáin agus fuaime do chomhdhálacha srl. d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí.

Táscairí Feidhmíochta

	Táscaire Feidhmíochta	Amlíne
1 <input type="checkbox"/>	Críochnóimid athbhreithniú ar ábhair oiliúna lena n-áirítear an modh soláthair agus margaíochta d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí.	C3, 2011
2 <input type="checkbox"/>	Soláthróimid oiliúint do bhaill de bhoird agallaimh tríd na modhanna soláthair is éifeachtaí ó thaobh costas de a úsáid.	Ar siúl
3 <input type="checkbox"/>	Déanfaimid margaíocht ar réimse na seirbhísí agus na n-áiseanna gur féidir linn a sholáthar d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí.	Ceathrú 3, 2011
4 <input type="checkbox"/>	Tabharfaimid comhairle faoi dhea-chleachtas earcaíochta d'eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí.	Ar siúl

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha

Straitéis AD

Tá muid ag brath ar ár n-acmhainní ag gach leibhéal den eagraíocht chun spriocanna ár Ráiteas Straitéise a sholáthar. Tá sé mar aidhm againn meoin a chothú san eagraíocht a spreagann gairmiúlacht, nuálaíocht, solúbthacht agus a bheith páirteach agus a thugann aird ar urraim agus éagsúlacht.

Chun an cultúr seo a bhaint amach, beidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí:

- tiomantas d'aidhmeanna na heagraíochta agus d'éiteas seirbhíse poiblí a chothú sna baill foirne, a bheith tiomanta ar shár-sheirbhís a sholáthar do gach custaiméir agus a bheith tiomanta ar sholúbthacht agus nuálaíocht;
- ceannaireacht a thabhairt i ngach réimse den eagraíocht chun baill foirne a spreagadh agus treoir, inspioráid agus tacaíocht shoiléir a thabhairt lena chinntiú go gcuirtear feabhas go leanúnach ar na seirbhísí a sholáthraimid;
- córas éifeachtach bainistíochta agus forbartha feidhmiúcháin a chothabháil a chinnteoidh go dtuigeann baill foirne na dualgais atá acu, go bhfuil na háiseanna acu chun spriocanna a bhaint amach agus go ndéantar measúnú orthu de réir tháscairí feidhmíochta deacra. Pléifimid le feidhmíocht lag ar shlí réamhghníomhach agus straitéiseach;
- an oiliúint agus an fhorbairt a sholáthar do bhaill foirne chun gur féidir leo a spriocanna a bhaint amach agus forbairt phearsanta a chinntiú; déanfar measúnú ar an oiliúint seo go leanúnach lena chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach;
- cultúr nuálaíoch a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar na próisis agus a sholáthróidh seirbhísí níos éifeachtaí agus níos lú acmhainní á n-úsáid.
- straitéis faoi bhainistíocht eolais a fhorbairt lena chinntiú nach gcailleann an eagraíocht eolas a fuarthas trí phróisis earcaíochta agus roghnaithe trí bhaill foirne a ath-implonú.
- timpeallacht oibre atá dúshlánach, spreagthach agus pléisiúrtha a sholáthar trí chomhpháirtíocht.
- an riachtanas do thimpeallacht shláintiúil agus shábháilte a chur chun cinn go gníomhach trí oiliúint, bainistíocht éifeachtach, fearas a sholáthar agus monatóireacht lena chinntiú go ndéantar gach seiceáil reachtúil;
- a chinntiú go bhfuil plean éifeachtach i gceist lena chinntiú go bhfuil baill foirne i láthair an t-am ar fad lena n-áirítear socruithe solúbtha oibre agus pleananna chun leibhéal freastail a fheabhsú go leanúnach;
- iarracht a dhéanamh an creidiúnú 'Excellence Through People' a choinneáil mar phointe cóimheasa d'ár gcórais inmheánacha acmhainní daonna;

- comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn agus ár mbaill foirne a oiliúint i réimse ábhartha; agus
- Iarracht a dhéanamh an Gradam 'Excellence Through People' ón Údarás Náisiúnta Míchumais a choinneáil, lena chinntiú go bhfuil ár seirbhís do chustaiméirí, TEC agus áiseanna ar fáil do chách.

Straitéis TEC

Tugann an Straitéis TEC tacaíocht don eagraíocht maidir lena príomh-ghnó a chomhlíonadh.

Cinntíonn sé go bhfuil an beartas, na teicneolaíochtaí, na córais agus na próisis chuí ag na baill foirne chun an gnó a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ag an am céanna na sonraí íogair a chosaint agus iad á bpróiseáil.

Tá an straitéis bunaithe ar cheithre cholún:-

Daoine

- Baill Foirne – tabharfaimid treoir do bhaill foirne trí bheartas a bhaineann leis an teicneolaíocht atá ar fáil a úsáid i gceart nuair atá tascanna agus sonraí á bpróiseáil. Cinnteoidimid fosta go mbaineann baill foirne an úsáid is fearr as feidhmeanna agus córais oifige trí oiliúint leanúnach;
- Bainistíocht – tabharfar tacaíocht dóibh trí staitisticí ábhartha a thabhairt in am faoi conas atá an gnó ag feidhmiú agus conas is féidir leis níos mó den mhargadh a ghnóthú;
- Cliant/Comhpháirtithe – spreagfar iad níos mó baint a bheith acu maidir lena seirbhísí a sholáthar trí pháirt níos mó a ghlacadh i dTairseacha Bhaill na gCliant/na mBord den fheidhm lárnach earcaíochta;
- Custaiméirí/Iarrthóirí – beidh cumas sa bhreis acu trí fhorbairtí eile sna gnéithe féinseirbhíse de Thairseach an Iarrthóra, a laghdóidh am agus costas próiseála, agus slí a réiteach chun gur féidir leis an eagraíocht níos mó gnó a dhéanamh.

Próisis

- Is iad príomh-phrionsabail na Straitéise TEC i dtaca le córais ná iad a shimpliú, a chaighdeánú agus a athchóiriú i ngach gné de ghnó.

Teicneolaíochtaí

- Beidh na teicneolaíochtaí a úsáidfear in oiriúint don obair agus do riachtanais forbartha gnó na heagraíochta. Tabharfar aird ar roghanna éagsúla maidir le táirgí agus ceadúnú agus maidir le scileanna agus seirbhísí a fháil go himmheánach nó go seachtrach. Beidh cinntí faoi roghanna a dhéanamh ag brath ar bheartas lárnach, buiséad, leibhéal na scileanna atá ar fáil / deiseanna ar fhorbairt, costas agus an riachtanas an úsáid is fearr a bhaint as aon infheistíocht go dtí seo.

Eolas

- Sócmhainn an-luachmhar don eagraíocht is ea eolas. Déanfar cothabháil agus forbairt ar bheartais, agus ar chur chuige lena chinntiú go bhfuil sonraí cruinn, ar fáil, iniúchta, in am, slán, i ndoiciméad agus gur féidir é a chur ar ais. Tá an Plean um Leanúnachas Gnó agus an Plean Athshlánaithe ó Thubaiste lárnach sa ghné seo den Straitéis agus déantar athbhreithniú orthu go rialta.

Monatóireacht a Dhéanamh agus Cuntas a Thabhairt faoi Fheidhmíocht

Sa Ráiteas Straitéise seo léirigh muid ár bplean chun seirbhísí a fhorbairt le riachtanais na seirbhíse poiblí a shásamh ag an staid dheacair eacnamaíoch seo. Tá sé beartaithe ag an Rialtas an líon daoine sa tseirbhís phoiblí a laghdú agus tá an chosúlacht ann go leanfar leis an mhoratóir ar earcaíocht agus ardú céime ar feadh roinnt ama amach anseo. Nuair atá folúntais le líonadh sa tseirbhís phoiblí, tá an chosúlacht ann go mbainfear úsáid as ath-implonnú mar chéad rogha. Ní dócha go mbainfear úsáid as earcaíocht ach amháin sa chás nach féidir an t-iarrthóir ceart a shainnithint don phost trí ath-implonnú. Tá an cumas ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na roghanna ath-implonnaithe nó earcaíochta atá againn a úsáid agus tá muid tiomanta ar chuidiú le heagraíochtaí seirbhíse poiblí daoine ar ardchaighdeán a fháil chun folúntais atá ceadaithe a líonadh.

Úsáidfear na struchtúir thíos lena chinntiú go gcomhlíonfaidh muid na spriocanna a sainnithníodh sa Ráiteas Straitéise.

Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Trí dhualgais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach san Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, beidh ról tábhachtach ag an mBord an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus maidir le comhairle a thabhairt faoi threo straitéiseach na heagraíochta amach anseo.

An Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB)

Déanfaidh an CCB athbhreithniú go rialta ar dhul chun cinn maidir leis na spriocanna arda atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Oibreoidh an CCB leis na príomh-pháirtithe leasmhara agus cinnteoidh siad go bhfuil na háiseanna ar fad ar fáil chun an straitéis a sholáthar. Déanfaidh an CCB monatóireacht dhian ar athruithe sa tseirbhís phoiblí agus i gcomhar leis an mBord agus le príomh-pháirtithe leasmhara, athrófar an straitéis más gá, lena chinntiú go bhfuil muid in oiriúint le linn na n-athruithe atá riachtanach sa tseirbhís phoiblí. Déanfaidh an CCB athbhreithniú mór ar an straitéis gach bliain ar a laghad.

An Próiseas Pleanála Gnó

Beidh an Ráiteas Straitéise mar eolas ag an phróiseas pleanála gnó, atá bunaithe go daingean, a dhéanann gach aonad gnó. Déanfar monatóireacht go rialta ar phleananna gnó roinne lena chinntiú go bhfuil siad de réir spriocanna straitéiseacha na heagraíochta. Déanfar comhtháthú ar riachtanais nua gnó sa phlean gnó agus sa ráiteas straitéise.

Déanfar athbhreithniú dhá uair sa bhliain ar phleananna gnó roinne bliantúla. Tabharfar tuairiscí don CCB, don fhoireann Ardbhainistíochta agus don Choiste Comhpháirtíochta. Tuairisceofar dul chun cinn in ár dTuarascáil Bhliantúil.

An Coiste Comhpháirtíochta

Iarrfaimid arís ar an Choiste Comhpháirtíochta baint lárnach a bheith acu maidir leis a Ráiteas Straitéise seo a sholáthar go rathúil. Beidh an Coiste páirteach i bpróiseas leanúnach comhairliúcháin agus páirteach maidir le n-ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Coiste Iniúchóireachta

Beidh an chomhairle agus an tacaíocht a thabharfaidh an coiste neamhspleách seo an-luachmhar don Oifigeach Cuntasaíochta i gcinntiú go ndéantar scrúdú cúramach ar gheallúintí faoi acmhainní agus go gcomhlíontar iad go cuí.

Baill Foirne Uile agus Bainisteoirí

Beidh dúshlán ar leith ag an tseirbhís phoiblí san am atá romhainn. Ní chuirfear an straitéis seo i bhfeidhm go rathúil gan cabhair agus páirtíocht na mball foirne ar fad san eagraíocht. Má tá daoine sásta glacadh le cleachtais agus modhanna nua, agus nuálaíocht a chothú maidir le n-ár ngnó, is féidir le gach duine a bheith páirteach maidir leis an straitéis a sholáthar go rathúil.